




Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

Ráiteas Straitéise 2026 – 2031





Clár ábhair


Réamhrá	4
Fúinne	5
Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála	6
Ár gCuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna	9
Ár nEagraíocht	12
Ar Inis Tú Dúinn	13
Spriocanna Straitéiseacha	14
Sprioc Straitéiseach 1	16
Sprioc Straitéiseach 2	17
Sprioc Straitéiseach 3	19
Sprioc Straitéiseach 4	21
Sprioc Straitéiseach 5	23
Éifeachtacht a Thomhas	25

Réamhrá

Is é seo an dara Ráiteas Straitéise d'Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR).

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise seo de bhun alt 550 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024.

Ról OPR maidir leis an mBeartas Pleanála a Chur Chun Feidhme



Fúinne

Cad é atá i gceist le OPR?

Tá Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) ina rialaitheoir neamhspleách, a cuireadh ar bun i mí Aibreáin 2019 chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála agus feabhsú leanúnach ar conas a sholáthraítear pleanáil in Éirinn a spreagadh.

Cad is brí le pleanáil?

Baineann pleanáil le cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit ar cheart tithe, scoileanna, gnólachtaí, bóithre agus páirceanna a bheith suite ionas go dtiocfaidh méadú sábháilte agus inbhuanaithe ar phobail, fad a chosnaítear ár gcomhshaol agus ár n-oidhreacht.

Cad é a dhéanann OPR?

Tacaíonn OPR le hÉirinn fás ar bhealach cliste, cothrom agus inbhuanaithe. Déanaimid sin trí thacú le húdaráis áitiúla, comhairleoirí tofa agus an Coimisiún Pleanála ina róil sa phleanáil. Seo a leanas na cúraimí a dhéanaimid chun é sin a bhaint amach:

■ Measúnú neamhspleách ar phleanáil chun cinn an údaráis áitiúil agus an tionóil réigiúnaigh.

Déanann OPR measúnú ar phleananna reachtúla chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais bheartais a leagann an rialtas síos. Foilsímid na haighneachtaí sin chuig rialtais áitiúla ar ár suíomh gréasáin. Mura réitíonn údarás áitiúil saincheist thromchúiseach, is féidir le OPR a mholadh don Aire go ndéanfaí bearta áirithe chun a chinntiú go gcuirfear beartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach i bhfeidhm. Rialaítear an méid sin tríd an reachtaíocht.

■ Córais agus nósanna imeachta comhlachtaí pleanála a athbhreithniú.

Déanann OPR athbhreithniú ar rannóga pleanála an údaráis áitiúil feidhmíochta agus an Choimisiúin Pleanála, agus moltaí á ndéanamh chun tacú leo ina róil.

■ Gearáin maidir leis an gcóras pleanála foriomlán a scrúdú.

Soláthraíonn OPR sásra cothrom agus neamhspleách chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó na saoránaigh a bhaineann leis na seirbhísí pleanála foriomlána a sholáthraíonn na húdaráis áitiúla. Ní bhreithníonn OPR gearáin a bhaineann le hiarratais ná forbairtí pleanála.

■ Taighde tráthúil a dhéanamh ar ábhair phleanála.

Breathnaíonn OPR ar shaincheisteanna pleanála atá ag teacht chun cinn agus atá tráthúil agus déanann sé taighde chun cuidiú le hionadaithe tofa agus le daoine a oibríonn sa chóras pleanála. Lenár gcuid oibre, cuirtear i dtábhacht dea chleachtas agus forbairt a rinneadh le déanaí san earnáil. Soláthraímid feasachán dlí ráithiúil, cás staidéir agus páipéir chleachtais, agus tá gach ceann acu sin le fáil ar líne.

■ Oiliúint a sholáthar dóibh sin a oibríonn sa chóras pleanála.

Soláthraíonn OPR oiliúint do dhaoine a oibríonn i bpleanáil, comhaltaí tofa chun tacú le cleachtas pleanála comhsheasmhach ardchaighdeán. Tá ár gcuid ábhar oiliúna uile inrochtana ar líne.

■ Feasacht an phobail ar phleanáil a mhéadú.

Cuidíonn OPR le daoine tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tábhacht le pleanáil i dtaobh pobail inbhuanaithe a chruthú. Soláthraímid neart faisnéise ar líne chun cuidiú leis na saoránaigh a bheith ag plé le pleanáil.



Niall Cussen, Rialaitheoir Pleanála

Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála

Is é seo an dara Ráiteas Straitéise de chuid na hOifige ó bunaíodh thiar in 2019 muid.

Le linn shaolré ár Ráitis Straitéise roimhe sin, mhéadaigh OPR óna chéim thosaigh, agus gan ach beagán fostaithe aige, ina eagraíocht aitheanta cáiliúil ag a bhfuil sainordú fairsing á chomhlíonadh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheabhsú leanúnach laistigh den chóras pleanála agus chun an méid sin a spreagadh. Baineadh an méid sin amach trí fhuinneamh agus tiomantas fhoireann OPR agus trí na caidrimh rathúla a cothaíodh ar fud na hearnála trí chéile.

Mar chomhlacht formhaoirseachta náisiúnta, bhí cur chun feidhme struchtúr rialachais agus bainistíochta corparáidí ríthábhachtach chun an eagraíocht a thógáil. Maidir leis sin, is cúis áthais dom go n aithnítear an Oifig go forleathan as a dea chleachtas i rialachas agus léirítear sin go bliantúil trí thuarascálacha glana ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Agus tacaíocht á fáil ó chnámh droma chorparáideach láidir, tá an Oifig freagrach as feidhmeanna reachtúla a chuidíonn leis an Rialtas pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an Stáit a chinntiú.

Ina measc:

- 1. Gníomhú mar chomhairleoir neamhspleách agus iontaofa don Rialtas** maidir le hábhair phleanála
- 2. Comhordú cuí a chinntiú i bpleanáil chun cinn** idir pleananna agus straitéisí an chórais rialtais áitiúil agus cur chun feidhme bheartas an Rialtais
- 3. Tacú le feabhsuithe leanúnacha i gcleachtas agus nós imeachta pleanála** trí oiliúint, treoracha dea chleachtais agus taighde praiticiúil a sholáthar agus athbhreithnithe feidhmíochta neamhspleácha a dhéanamh ar dearadh iad chun cuidiú le húdaráis áitiúla agus leis an gCoimisiún Pleanála a oibríonn i dtimpeallacht oibríochtúil thapa agus athraitheach; agus
- 4. Cuidiú le daoine den phobal faisnéis fianaise a lorg** maidir le feidhmiú an chórais pleanála agus aghaidh a thabhairt ar fhiosruithe agus ábhair imní i ndáil le conas a oibríonn an córas.

Cumasáíodh cuid mhór éachtaí lenár gcéad straitéis. Orthu sin bhí formhaoirseacht a dhéanamh ar bhabhta nua de phleananna forbartha contae agus cathrach i bhfianaise an chéad Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) de chuid an Rialtais, rud a foilsíodh in 2018.

Le cuid mhór de na pleananna sin, beifear in ann riachtanais fheabhsaithe do thithíocht a sainathníodh mar chuid den chéad athbhreithniú de chuid an Rialtais ar CNP, rud a foilsíodh i mí Iúil 2025, a chomhlíonadh. Le linn ár gcéad straitéise eile, cinnteoidimid, faoi mar a thugtar pleananna cothrom le dáta go tréimhsiúil, go mbeidh siad ina léiriú ar riachtanais fhorbarthacha an mhéadaithe le haghaidh tithíochta, bonneagair agus fuinneamh in athnuaithe faoi mar atá curtha i dtábhacht ag an Rialtas.

D'fhorbraíomar agus thugamar isteach córais nua freisin chun athbhreithnithe a dhéanamh ar chomhlachtaí pleanála, córais lenar múnlaíodh athchóirithe an Rialtais as ar tháinig bunú an Choimisiúin Pleanála agus an Phlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le Pleanáil a Dhéanamh ar Acmhainní a Chur ar Fáil, rud atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar shrianta acmhainneachta agus éifeachtúlachta san earnáil pleanála.

Chuireamar tús leis an gcéad chlár oiliúna náisiúnta sa phleanáil do na 949 comhalta tofa de na húdaráis áitiúla agus do níos mó ná 1,500 duine d'fhoireann an údaráis áitiúil, chomh maith le réimse acmhainní faisnéise poiblí a fhoilsiú lena n áirítear bileoga eolais, físeáin mhínitheora agus bileoga faisnéise.

Faoi shaolré na straitéise nua sin, beartaíonn OPR gur gá dá chlár athbhreithnithe pleanála teacht chun cinn, agus aitheantas á thabhairt don chomhthéacs acmhainneachta agus don chomhthéacs maidir le hacmhainní a chur ar fáil ar laistigh dóibh a fheidhmíonn údaráis áitiúla.

Maidir leis sin, tógfaimid ar an mbunchloch láidir a bunaíodh trí thionscnaimh oiliúna OPR agus ag tarraingt ar shamhail rathúil rannpháirtíocht dhíreach an chláir athbhreithnithe, forbróimid tionscnaimh thacaíochta spriocdhírithe d'earnáil pleanála an Stáit chun cuidiú le beartais agus reachtaíocht nua a eascraíonn as tionscnaimh agus athchóirithe an Rialtais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Aithnítear pleanáil chuí go láidir i mbeartas an Rialtais, agus aithníonn roinnt mhaith páirtithe leasmhara eile í freisin, chun tacú le hiomaíochas ár ngeilleagair, cáilíocht na beatha atá ag ár bpobail agus inbhuanaitheacht agus cáilíocht fhisiceach ár dtimpeallachta. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach pleanáil a dhéanamh don todhchaí. Leis sin, ní mór aird a thabhairt ar athruithe níos leithne sa tsochaí chun leanúint de bheith ábhartha agus éifeachtach. Is mian leis an Rialtas, agus tá coinne aige leis, go mbeadh an próiseas pleanála ina chumasóir sofhreagrúil d'athrú inbhuanaithe lena nasctar rannpháirteachas, infheistíocht agus cur chun feidhme i soláthar tithíochta, dícharbónú agus comhfhorbairt áite. Dá bhrí sin, agus an dara straitéis sin á forbairt cuireadh an méid seo a leanas san áireamh:

- Forbairtí i mbeartas an Rialtais i ndáil le pleanáil, lena n áirítear cur chun feidhme an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024, lena tugadh feidhmeanna agus freagrachtaí breise don Oifig.
- Breithnithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil atá ábhartha maidir le pleanáil, lena n áirítear fás an daonra, éileamh méadaithe ar thithíocht, riachtanais bhonneagair agus forbartha agus gealltanais maidir leis an athrú aeráide. Maidir leis sin, is éard atá chun tosaigh an riachtanas go mbeadh córas pleanála an Stáit, agus a phróisis, éifeachtúil agus sofhreagrúil le linn oiriúnú do cheanglais atá ag athrú go gasta.


- An bonn eolais fairsing laistigh de OPR, a tógadh ó mheastóireacht a dhéanamh ar phleananna reachtúla, athbhreithnithe pleanála a dhéanamh, cláir thaighde agus aschuir oiliúna a sholáthar agus tarraingt ar léargais chomhoibríocha ó gach cearn den earnáil; agus
- Riachtanais ár bpáirtithe leasmhara, agus údarais áitiúla go háirithe, de réir mar a bhainistíonn siad réimse éileamh ar a bhfeidhmeanna pleanála i gcomhthéacs beartais agus reachtach athraitheach.

Trí chlaochlú digiteach, leanfar d'éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú ar fud an chórais pleanála, agus seasann na córais iarratais pleanála ar líne a tugadh isteach ar bhonn náisiúnta le déanaí do bheagnach 90% de na hiarratais phleanála uile. Maidir le forbairtí breise i gcórais phleanála náisiúnta dhigiteacha, lena n áirítear deaiseanna digiteacha chun riachtanais forbartha agus bhonneagair a rianú chun eolas a dhéanamh do bheartas an Rialtais, agus leas a bhaint as poitéinseal córas bunaithe ar an intleacht shaorga (IS), beidh siad ina bpríomhréimse fócais do OPR sa dara straitéis dár gcuid.

Rollfaimid amach tacaíochtaí oiliúna agus forbartha breise freisin amhail treoracha dea chleachtais do thart ar 2,000 comhalta foirne dá bhfuil na 31 rannóg pleanála de chuid an údarais áitiúil, na tionóil réigiúnacha agus an Coimisiún Pleanála comhdhéanta. Tacóimid le conairí a leathnú le haghaidh oideachas sa phleanáil ghairmiúil in Éirinn.

Forbraíodh ár Ráiteas Straitéise agus ionchuir á bhfáil ón bhfoireann, ón Rialtas agus ó réimse leathan páirtithe leasmhara chun tacú, trí phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, le tithíocht agus bonneagar a sholáthar.

Le cur chun feidhme an Ráitis Straitéise seo, tarraingeofar freisin ar an ardleibhéal gairmiúlachta agus ar an tiomantas oibre ónár bhfoireann, agus forbrófar an méid sin a thuilleadh.



Niall Cussen

An Príomhfeidhmeannach agus an Rialaitheoir Pleanála


Ár gCuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Cuspóir

Is é an cuspóir atá againn formhaoirseacht a dhéanamh go neamhspleách ar fheabhsuithe sa chóras pleanála, agus iad a spreagadh. Tugaimid comhsheasmhacht, cinnteacht agus soiléire níos mó agus fócas níos fadtéarmaí chuig an gcóras pleanála náisiúnta trína chinntiú go gcuirfear an beartas náisiúnta chun feidhme agus trí thionscnaimh maidir le feabhsú feidhmíochta, taighde, oiliúint agus feasachta poiblí a sholáthar.

Fís

Is é an fhís atá againn go bhforbróidh Éire go hinbhuanaithe, agus tacaíocht á fáil chuige sin ó chóras pleanála lena gcumasaítear tithe agus bonneagar lena bhfuil géarghá a sholáthar, le linn ár gcomhshaol agus ár n oidhreacht a chosaint freisin, chomh maith lenár bpobail a fheabhsú.



Fíor 2 | OPR luachanna



Neamhspleáchas

Tá neamhspleáchas bunriachtanach le haghaidh ról OPR chun tacú le muinín sa chóras pleanála. Cé go n oibrímid go cuiditheach le réimse leathan páirtithe leasmhara, coinnímid neamhspleáchas feidhmiúil soiléir inár bpríomhobair rialála. Lenár dtiomantas do mheastóireacht atá neamhchlaonta agus fianaisebhunaithe, go háirithe agus measúnú á dhéanamh ar phleananna reachtúla, cinntítear go mbeidh ár bhformhaoirseacht cothrom, inchreidte agus neamhspleách. A bhuí leis an neamhspleáchas sin, neartaítear iontaobh inár gcuid oibre agus treisítear seasamh OPR mar ghlór údarásach agus oibiachtúil san earnáil pleanála.



Fócas ar na Saoránaigh

Leanann leas an phobail de bheith mar phrionsabal treorach obair OPR maidir le córas pleanála na hÉireann a neartú chun tacú le forbairt náisiúnta inbhuanaithe. Táimid tiomanta do thorthaí níos fearr a dhaingniú do na saoránaigh trí phróisis éifeachtúla agus éifeachtacha a chur chun cinn lena dtacaítear le forbairt a sholáthar, fad a chinntítear go gcosnófar ár gcomhshaol agus ár bhfóntais. Is éard atá lárnach dó sin ár ról chun an daonlathas áitiúil a neartú trí thacú leis an ról ceannaireachta atá ag na húdaráis áitiúla, agus tríd an ról sin a chur chun cinn, maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta agus athraitheacha na forbartha inbhuanaithe.



Trédhearcacht

Tá an trédhearcacht fíorthábhachtach maidir le conas a oibríonn OPR agus maidir lenár ról mar an fhoinsé faisnéise iontaofa, údarásach ar chóras pleanála na hÉireann. Táimid tiomanta d'oscailteacht, soiléire agus cuntasacht i ngach gné dár gcuid oibre. Trí fhaisnéis inrochtana, fhianaisebhunaithe a sholáthar agus trínár gcuid cinntí agus próiseas a chur in iúl go soiléir, tá sé mar aidhm againn iontaoibh an phobail a neartú agus tacú le rannpháirtíocht eolasach ar fud na hearnála pleanála.



Comhoibriú agus rannpháirteachas

Tá comhoibriú agus rannpháirteachas lárnach maidir le conas a neartaíonn OPR an córas pleanála. Oibrímid ar bhealach cuiditheach leis an Rialtas, leis na húdaráis áitiúla agus le tionóil réigiúnacha, le páirtithe leasmhara eile agus leis an bpobal chun eolas a chomhroinnt, acmhainneacht a fhothú agus tacú le rannpháirtíocht eolasach. Trí rannpháirteachas fiúntach agus comhpháirtíochtaí láidre a chothú, feabhsaímid comhtháthú agus comhsheasmhacht ar fud na hearnála agus treisímid ról OPR mar cheannaire iontaofa, neamhspleách sa phleanáil.



Gairmiúlacht

Cloíonn OPR leis na caighdeáin is airde de shláine, saineolas agus cuntasacht i ngach a ndéanaimid. Trí rialachas corparáideach beacht, cinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus tiomantas d'fhoghlaim leanúnach, cinntímid go mbeidh ár gcuid oibre fóna, comhsheasmhach agus ar an gcaighdeán is airde. Leis an ngairmiúlacht sin, neartaítear iontaoibh in OPR agus tacaítear le cultúr sármhaitheasa ar fud na hearnála pleanála.

Ár nEagraíocht

Is corparáid aonair an struchtúr atá ag OPR. Tá an Rialaitheoir Pleanála mar phríomhfheidhmeannach na hOifige agus tacaíonn foireann bainistíochta feidhmiúcháin atá comhdhéanta de cheathrar stiúrthóirí leis nó léi.

Thairis sin, ó thaobh bainistíocht airgeadais agus formhaoirseacht riosca de, tacaíonn coiste airgeadais, iniúcháireachta agus riosca, lena n-áirítear comhaltaí seachtracha, leis an Rialaitheoir Pleanála.

Feidhmíonn an Oifig faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Tá ár bhfoireann ina státseirbhísigh neamhspleácha de chuid an Stáit.

Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 tugtar isteach bord comhairleach do OPR. De dhroim alt 542 d'Acht 2024, beidh an bord comhairleach comhdhéanta de idir cúigear agus seachtar comhaltaí agus tabharfar sainordú dó dul i gcomhairle leis an Rialaitheoir Pleanála agus treoir agus comhairle a thabhairt dó nó di i ndáil le treo straitéiseach na hOifige agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise corparáidí.

Rachaidh an bord comhairleach, nuair a iarrann an Rialaitheoir Pleanála air déanamh amhlaidh, i gcomhairle leis an Rialaitheoir Pleanála, agus tabharfaidh sé treoir agus comhairle dó nó di, i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna na hOifige agus tabharfaidh sé comhairle nó moltaí don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht i ndáil le beartais an Rialtais nó Aire Rialtais lena ndéantar dífeair d'fheidhmeanna na hOifige.

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise seo ar feitheamh cheapadh an bhoird chomhairligh arna dhéanamh ag an Aire. Nuair a cheapfar é, déanfar comhairliúchán maidir leis an Ráiteas Straitéise seo leis an mbord comhairleach i gcomhréir le forálacha alt 542.

Athruithe ar stiúrthóireachtaí:



- 1 Cur Chun Feidhme an Bheartais Pleanála**
- 2 Feidhmíocht Phleanála**
- 3 Taighde agus Cumarsáid Phleanála**
- 4 Forbairt Eagraíochtúil**

Ar Inis Tú Dúinn

Táimid buíoch díobh sin uile a chuir an t-am i leataobh chun bheith ag plé leis an dréachtráiteas straitéise, agus chun bheith ag freagairt dó, rud a comhroinneadh le haghaidh comhairliúchán poiblí.

Fuaireamar roinnt mhaith aighneachtaí ó gach cearn den Rialtas, ón earnáil rialtais áitiúil, ón ngairm pheanála, ó sholáthraithe bonneagair, ó chomhlachtaí comhshaoil agus ó dhaoine den phobal a bhí cuiditheach, machnamhach agus mionsonraithe. Tá siad ina léiriú ar leibhéal rannpháirteachais láidir le hobair OPR agus ar thiomantas comhroinnte chun feabhas a chur ar éifeachtacht chóras pleanála na hÉireann.

Ar an iomlán, thug na páirtithe leasmhara tacaíocht leathan do threo straitéiseach OPR agus do shoiléire an chuspóra a leagtar amach sa Dreachttráiteas Straitéise.

Tugadh aiseolas láidir ar an tábhacht a bhaineann le comhsheasmhacht níos mó a bhaint amach i gcleachtas pleanála ar fud údaráis pheanála. Leag na páirtithe leasmhara béim ar an luach atá le cuir chuige chomhroinnte maidir le dúshlán choiteanna, agus tugadh tacaíocht dó sin trí shonraí, treoir agus fothú acmhainneachta ar fud na hearnála pleanála agus rialtais áitiúil.

Le téama eile, tarraingíodh aird ar an tábhacht atá le fairsinge iomlán an chórais pleanála. Leag na páirtithe leasmhara béim ar an gcaoi nach amháin go múnlaíonn na húdaráis áitiúla torthaí pleanála, ach go múnlaíonn soláthraithe bonneagair, comhlachtaí forordaithe, ranna Rialtais agus an earnáil forbartha níos leithne iad freisin.

Sna haighneachtaí, luadh an gá le faisnéis bhreise maidir leis an bpróiseas rialála, maidir le ról OPR laistigh den phróiseas reachtúil agus le conas a thagann torthaí pleanála níos fearr as formhaoirseacht rialála, taighde agus gníomhaíocht tacaíochta oiliúna.

Tháinig acmhainneacht agus cumas laistigh den earnáil pleanála chun cinn mar phríomhthéama freisin. Sna haighneachtaí, leagadh béim ar an tábhacht atá le hoiliúint, treoir agus piarfhoghlaim leanúnach mar ghnéithe lárnacha chun tacú le cinnteoireacht chomhsheasmhach agus ardchaighdeán. Tarraingíodh aird ar luach shainordú oiliúna agus feidhmíochta OPR agus tacaíocht láidir á tabhairt do chuir chuige foghlama inrochtana agus sholúbtha a leathnú, lena n-áirítear ardáin dhigiteacha, agus d'infheistíocht leanúnach i bhforbairt ghairmiúil.

Ar deireadh, sna haighneachtaí tarraingíodh aird ar an luach atá le rannpháirteachas leanúnach, trédhearcacht agus cumarsáid. D'fháiltigh na páirtithe leasmhara roimh chur chuige comhoibríoch OPR agus luaigh siad tuilleadh deiseanna le haghaidh rannpháirteachas struchtúrtha.

Leis na léargais sin, tugadh eolas d'fhorbairt an Ráitis Straitéise seo agus treorófar cur chuige OPR chun ár n-éifeachtacht mar rialaitheoir neamhspleách a neartú a thuilleadh agus tacú le córas pleanála dea fheidhmiúil.

Spriocanna Straitéiseacha

Sprioc Straitéiseach 1

Formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme bheartas pleanála an Rialtais agus an méid sin a chinntiú

Oibreoimid leis na 31 údarás áitiúil agus leis na trí thionól réigiúnacha agus cuideoimid leo tacú le hardchaighdeán agus pleanáil á déanamh chun cinn d'fhorbairt amach anseo, agus cuspóirí beartais straitéiseacha á gcomhlíonadh lena n áirítear cuspóirí aeráide agus comhshaoil na hÉireann, agus tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe freisin.

Sprioc Straitéiseach 2

Feabhsú feidhmíochta sa chóras pleanála a spreagadh agus tacú leis

Oibreoimid leis an Rialtas, leis an rialtas áitiúil, le An Coimisiún Pleanála agus leis an earnáil pleanála agus forbartha níos leithne chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhsheasmhacht sa phróiseas pleanála. Trí oiliúint agus tionscnaimh thacaíochta phraiticiúla a sholáthar, cuirfimid chun cinn dea chleachtas agus cothóimid cultúr d'fheabhsú agus nuálaíocht leanúnach i dtaca le feidhmeanna pleanála reachtúla a sholáthar.

Sprioc Straitéiseach 3

Feasacht an phobail a fheabhsú, tacú le cleachtas pleanála comhsheasmhach agus beartas a mhúnlú trí fhianaise

Cuirfimid feabhas ar fheasacht an phobail maidir le saincheisteanna tráthúla agus pleanála straitéisí agus soláthróimid foinse faisnéise iontaofa d'earnáil pleanála an Stáit. Bainfimid an méid sin amach trí thaighde dírithe ar chleachtas, anailís a dhéanamh ar phríomhthreochtaí agus sonraí agus trína chinntiú go mbeidh rochtain ag an bpobal agus ag lucht ceaptha beartas ar fhaisnéis shoiléir, iontaofa maidir le saincheisteanna pleanála agus forbartha.

Sprioc Straitéiseach 4

Sármhaitheas a spreagadh trínár ndaoine, trínár n eagraíocht agus trína rialachas

Leanfaimid d'fhorbairt a dhéanamh ar ár n eagraíocht agus d'infheistiú inár ndaoine. Leanfaidh OPR de bheith á chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus cuntasacht airgeadais, rialuithe inmheánacha láidre, cothroime agus trédhearcacht á léiriú agus ár ngnó á sheoladh.

Sprioc Straitéiseach 5

Seirbhís ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí

Leanfaimid de fhreastal ar an bpobal mar ghuth neamhspleách i gcroílár an chórais pleanála agus ar an dóigh sin, táimid tiomanta do shármhaitheas i seirbhís do chustaiméirí. Cé go bhfuil na saoránaigh chun tosaigh i ngach a ndéanann OPR, measaimid freisin go bhfuil ranna Rialtais, údaráis áitiúla, an Coimisiún Pleanála agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara pleanála agus forbartha eile ina gcustaiméirí luachmhara dár gcuid freisin.

Sprioc Straitéiseach 1

Formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme bheartas pleanála an Rialtais agus an méid sin a chinntiú

Oibreoimid leis na 31 údarás áitiúil agus leis na trí thionól réigiúnacha chun tacú le hardchaighdeán maidir le pleanáil a dhéanamh chun cinn a ailínnonn le cuspóirí beartais straitéisigh, lena n áirítear cuspóirí aeráide agus comhshaoil na hÉireann, agus chun tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe.

Cuspóirí Straitéiseacha

- A chinntiú go ndéanfar beartas an Rialtais maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, lena n áirítear soláthar tithíochta agus bonneagair, a chur chun feidhme go hiomchuí trí straitéisí agus pleananna réigiúnacha reachtúla chóras an rialtais áitiúil.
- Dea chleachtas agus ardfheidhmíocht a spreagadh ar fud próisis pleanála chun cinn reachtúla lena n áirítear úsáid a bhaint as sásraí anailíseacha, faireacháin agus tuairiscithe chun comhsheasmhacht agus cáilíocht a rianú.
- Tacú le forbairt a dhéanamh ar acmhainní agus córais sonraí chomhroinnte, agus le teicneolaíochtaí nua a ghlacadh, ar féidir leis an bpróiseas ceaptha pleananna leas a bhaint as agus tairbhiú dó.

Príomhspríocanna Insoláthartha

- Straitéisí spásúla agus eacnamaíocha réigiúnacha, pleananna forbartha cathrach agus contae agus pleananna limistéir lena gcumasaítear an Plean Forbartha Náisiúnta, an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Creat Pleanála Mara Náisiúnta a sholáthar, i gcomhréir le cuspóirí beartais an Rialtais.
- Aistriú eolais éifeachtach idir údaráis ceaptha pleananna chun cuidiú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, cinntítear go mbeidh córas pleanála na hÉireann faoi stiúir plean.
- Sonraí a bhaineann le déanamh pleananna a bhailiú agus a thuairisciú agus a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach.

Sprioc Straitéiseach 2

Feabhsú feidhmíochta sa chóras pleanála a spreagadh agus tacú leis

Oibreoidimid leis an Rialtas, leis an rialtas áitiúil, le An Coimisiún Pleanála agus leis an earnáil pleanála agus forbartha níos leithne chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhsheasmhacht sa phróiseas pleanála. Trí oiliúint agus tionscnaimh thacaíochta phraiticiúla a sholáthar, cuirfimid chun cinn dea chleachtas agus cothóimid cultúr d'fheabhsú agus nuálaíocht leanúnach i dtaca le feidhmeanna pleanála reachtúla a sholáthar.

Cuspóirí Straitéiseacha

- Agus an comhthéacs oibríochtúil á chur san áireamh le haghaidh údaráis phleanála, oibriú leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara níos leithne agus cuspóirí comhroinnte agus príomhtháscairí feidhmíochta faoi Chreat Sármhaitheasa Pleanála beartaithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm.
- Cultúr foghlama agus forbartha feabhsaithe a ghiniúint ar fud earnáil pleanála an Stáit chun tuiscint agus comhsheasmhacht níos mó a chinntiú agus reachtaíocht agus beartas pleanála á gcur i bhfeidhm.
- Clár nua de bhearta tacaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear oiliúint túslíne agus tionscnaimh feabhsaithe spriocdhírithe, a dearadh chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla feidhmeanna pleanála a sholáthar.
- Ceannaireacht náisiúnta a sholáthar agus plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun dea chleachtas, forbairt beartais eolasach, feabhsú feidhmíochta, nuálaíocht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn ar fud earnáil pleanála an Stáit, lena n-áirítear trí chlaochlú digiteach i soláthar seirbhíse agus i mbainistiú agus comhroinnt sonraí.
- Scrúdú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla, tionóil réigiúnacha agus an Coimisiún Pleanála chun feidhmeanna pleanála a sholáthar agus tabhairt faoi athbhreithnithe ar a n-eagraíocht agus ar a mbainistíocht mar a mheastar is gá.

Príomhspríocanna Insoláthartha

- Oibriú leis an earnáil níos leithne chun cláir oiliúna a sholáthar do chomhlachtaí pleanála agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Straitéis foghlama agus forbartha na hearnála pleanála a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme chun an Coimisiún Pleanála agus príomhpháirtithe leasmhara eile a áireamh.
- Forbairt a dhéanamh ar chlár nua de thacaíochtaí a sholáthraítear go díreach do rannóga pleanála an údaráis áitiúil chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht i bhfeidhmíocht phleanála ar fud na hearnála. Leis an gclár, áireofar ceardlanna comhoibríocha, foghlaim idir píaraí, doiciméadacht treorach, nótaí cleachtais, teimpléid nóis imeachta, etc. Cruthóidh OPR ardán cleachtóirí ar líne ina bhfuil acmhainní praiticiúla a dearadh chun cuidiú leis na húdaráis feidhmeanna pleanála laethúla a sholáthar.
- Na conairí atá ann cheana a chur chun cinn le haghaidh oideachas pleanála gairmiúil, agus tacaíocht á tabhairt do sholáthar na printíseachta sa tsamhail phleanála agus d'obair Ghrúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála. Tacaíochtaí forbartha ceannaireachta a spreagadh le haghaidh na foirne pleanála.
- Oibriú i gcomhar leis an earnáil agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a chun feabhsú agus nuálaíocht leanúnach a sholáthar ar fud sholáthar na seirbhíse pleanála. Dea chleachtas agus feidhmíocht a spreagadh i gcomhréir le Creat Sármhaitheasa Náisiúnta beartaithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus leis an bPlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le Pleanáil a Dhéanamh ar Acmhainní a Chur ar Fáil, lena n áirítear córais tomhais feidhmíochta éifeachtacha a fhorbairt.
- Scrúdú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas i ndáil le hábhair phleanála chórasacha. Athbhreithnithe cuimsitheacha a dhéanamh ar chórais agus nósanna imeachta comhlachtaí pleanála de réir mar a mheastar is gá. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme athbhreithniú agus mholtaí scrúdaithe OPR. Scaipfear foghlaim níos leithne i ndáil le nósanna imeachta feabhsaithe ar fud earnáil pleanála an Stáit.

Sprioc Straitéiseach 3

Feasacht an phobail a fheabhsú, tacú le cleachtas pleanála comhsheasmhach agus eolas a dhéanamh do bheartais trí fhianaise.

Cuirfimid feabhas ar fheasacht an phobail maidir le saincheisteanna tráthúla agus pleanála straitéisí agus soláthróimid foinse faisnéise iontaofa d'earnáil pleanála an Stáit. Bainfimid an méid sin amach trí thaighde dírithe ar chleachtas, anailís a dhéanamh ar phríomhthreochtaí agus sonraí agus trína chinntiú go mbeidh rochtain ag an bpobal, ag cleachtóirí agus ag lucht ceaptha beartas ar fhaisnéis shoiléir, iontaofa maidir le saincheisteanna pleanála agus forbartha.

Cuspóirí Straitéiseacha

- Tuiscint, tráchtairacht agus díospóireacht eolasach a chur chun cinn maidir le conas a fheastalaíonn córas pleanála na hÉireann ar leas an phobail trí fhorbairt inbhuanaithe a chumasú agus tacú le soláthar tithíochta, soláthar bonneagair, comhfhorbairt áite, athléimneacht aeráide agus cosaint an chomhshaoil.
- Taighde agus anailís ardchaighdeáin a sholáthar maidir le beartas, cleachtas agus treochtaí pleanála atá ag teacht chun cinn, agus ar an dóigh sin soláthraítear faisnéis iontaofa do lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí le linn feidhmiú mar fhoinsé faisnéise shoiléir agus iontaofa don phobal.
- Plé le páirtithe leasmhara ábhartha san earnáil pleanála agus forbartha chun eolas a dhéanamh d'obair OPR, lena n áirítear an Rialtas, comhlachtaí pleanála, údarais ardoideachais, institiúidí ionadaíocha gairmiúla, ionadaithe earnála, etc.
- Dul i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun córais dhigiteacha chomhtháite a fhorbairt lena ndéantar sonraí pleanála, forbartha, bonneagair agus comhshaoil, lena n áirítear caighdeánú, trédhearcacht agus comhtháthú sonraí, a chomhdhlúthú. Tríd sin, cinnteofar go dtacófar le pleanáil straitéiseach agus infheistíocht bhonneagair an Rialtais le mapáil agus sonraí atá láidir, cothrom le dáta agus comhordaithe.

Príomhspríocanna Insoláthartha

- Clár náisiúnta taighde a sholáthar chun eolas a dhéanamh do bheartas agus do chleachtas maidir le hábhair phleanála straitéiseacha, le tacaíocht ón nGrúpa Eolais Pleanála Náisiúnta, lena n áirítear na haschuir thaighde sin a fhoilsiú, a scaipeadh agus a chur in iúl.
- Tacú le Bunachar Sonraí Bonneagair Náisiúnta mar a bheartaítear sa Tuarascáil ón Tascfhórsa um Luathú Bonneagair.
- Ardáin agus uirlisí rannpháirteachais atá digiteach agus soláimhsithe a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, ar ardáin agus uirlisí iad lena gcumasaítear gabháil éifeachtach agus comhroinnt thráthúil eolais, treorach agus sonraí pleanála. Leis na nithe sin, tacófar freisin le páirtithe leasmhara, le cleachtóirí agus leis an bpobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis chomhsheasmhach, údarásach agus le bheith ag plé go héifeachtach leis an gcóras pleanála.

Sprioc Straitéiseach 4

Sármhaitheas a spreagadh trínár ndaoine, trínár n eagraíocht agus trína rialachas

Leanfaimid d'fhorbairt a dhéanamh ar ár n eagraíocht agus d'infheistiú inár ndaoine, i gcomhréir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Leanfaidh OPR de bheith á chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus cuntasacht airgeadais, rialuithe inmheánacha láidre, cothroime agus trédhearcacht á léiriú agus ár ngnó á sheoladh.

Cuspóirí Straitéiseacha

- Ionad oibre tacúil agus solúbtha a choinneáil ar bun mar a mbeidh comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, dualgais na hearnála poiblí agus inrochtaineacht leabaithe go fírinneach inár gcuid luachanna, beartas agus cleachtas eagraíochtúil trí sholáthar seirbhísí atá dírithe ar na saoránaigh.
- Deiseanna forbartha a sholáthar dár bhfoireann trí chlár foghlama agus forbartha agus córas bainistíochta feidhmíochta, lena n áirítear uasoiliúint agus athoiliúint chun tacú le riachtanais ghnó.
- Bainistíocht rialachais, airgeadais agus riosca láidir leanúnach a chinntiú chun acmhainní agus cáil a chosaint, agus cuntasacht láidir á cinntiú don cháiníocóir.
- Tacú le bunú agus oibriú éifeachtach Bhord Comhairleach OPR.
- Fórsa saothair ardoilte, gairmiúil agus éagsúil a mhealladh agus a choinneáil chun ár sainordú a chomhlíonadh, agus freagairt ar bhealach sofheagrúil d'éilimh athraitheacha.
- Straitéis TFC a fhorbairt agus úsáid IS a ghíaráil chun éifeachtúlachtaí a ghnóthú agus ár seirbhísí á soláthar, i gcomhréir leis na 'Treoirínte maidir le hÚsáid Fhreagrach a Bhaint as Intleacht Shaorga sa tSeirbhís Phoiblí' ón Rialtas.

Príomhspríocanna Insoláthartha

- Ár Straitéis Daoine a leathnú agus a fheabhsú agus plean foghlama agus forbartha ilbhliantúil a fhorbairt.
- Fórsa saothair den scoth a choinneáil agus a fhorbairt, rud a spreagfaidh soláthar ár sainordaithe reachtúil leathnaithe ar an gcaighdeán is airde.
- A chinntiú go gcomhlíonfar reachtaíocht agus beartas ábhartha, lena n-áirítear an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (Dualgas na hEarnála Poiblí); an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil; na hAchtanna um Nochtadh Cosanta; an Cód Caiteachais Phoiblí; ceanglais le haghaidh Soláthar Poiblí; an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Straitéis Chlaochlaithe na Seirbhíse Poiblí ‘Seirbhísí Poiblí Níos Fearr’ ón Rialtas, ach gan bheith teoranta don mhéid sin.
- Tacú go réamhghníomhach le tionscnaimh maidir le gníomhú ar son na haeráide i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ón Rialtas.
- Rialachas agus dearbhú airgeadais a sholáthar do pháirtithe leasmhara trí chlár leanúnach d’iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha agus formhaoirseacht dhoiciméadaithe tríd an gCoiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Rioscaí.
- Straitéis TFC nua a dhearadh, lena n-áirítear prótacail chibearshlándála láidre agus sláine chórais agus phróisis TFC OPR.
- Treochlár IS a fhorbairt lena n-áirítear creataí rialachais agus dearbhaithe cuí le haghaidh fheidhmeanna rialála OPR, mar atá i gcomhréir leis na hacmhainní daonna agus airgeadais a bheidh ar fáil.

Sprioc Straitéiseach 5

Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí

Leanfaimid de bheith ag freastal ar an bpobal inár ról mar ghuth neamhspleách i gcroílár an chórais pleanála agus ar an dóigh sin, táimid tiomanta do shármhaitheas i seirbhís do chustaiméirí. Cé go bhfuil na saoránaigh chun tosaigh i ngach a ndéanann OPR, pléimid go réamhghníomhach freisin le ranna Rialtais, le húdaráis áitiúla, leis an gCoimisiún Pleanála agus le páirtithe leasmhara pleanála agus forbartha eile ina gcáil mar ár gcustaiméirí luachmhara.

Cuspóirí Straitéiseacha

- Na caighdeáin chúirtéise, chothroime, neamhchlaontachta agus ghairmiúlachta is airde a choinneáil ar bun inár n idirghníomhaíochtaí uile lenár gcustaiméirí, i gcomhréir leis na 12 Phrionsabal Threoracha ón Rialtas le haghaidh Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus leis an Straitéis maidir le Seirbhísí Poiblí Níos Fearr.
- Ár bhfreagrachtaí feidhmiúla a chomhlíonadh mar eagraíocht atá dírithe ar a páirtithe leasmhara agus ar a custaiméirí agus a phléann go réamhghníomhach chun caidrimh chomhoibríocha éifeachtacha a bhunú agus a choinneáil ar bun le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála pleanála agus forbartha.
- Leanúint dá chinntiú go mbeidh an trédhearcach ina bunchloch de gach a ndéanann OPR, agus go bhfeidhmeoidh sí laistigh den chóras pleanála freisin. Tríd sin, cothófar leibhéil bhreise iontaoibhe, soiléire, chomhsheasmhachta, inrochtaineachta, chuntasachta agus rannpháirtíochta, lena n áirítear trí leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach agus nuálaíocht.

Príomhspríocanna Insoláthartha

- Na gealltanais a leagtar amach inár gCairt Custaiméirí uaillmhianach a chur chun feidhme go leanúnach, rud a athbhreithneofar agus a thabharfar cothrom le dáta. Caighdeáin cháilíochta le haghaidh soláthar seirbhíse, i ndáil le hamanna freagartha custaiméirí, leis an nGaeilge, le hinrochtaineacht agus le Béarla soiléir, leagfar amach iad agus déanfar faireachán orthu trí phlean gníomhaíochta nuashonraithe maidir le seirbhís do chustaiméirí. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí laistigh de gach ceann de stiúrthóireachtaí OPR.
- A chinntiú go láimhseálfar na cásanna uile a ardaítear le OPR ar an mbealach is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is neamhchlaonta. Cé go n áirítear gearáin maidir le comhlachtaí pleanála leis sin, tá OPR tiomanta freisin do chuidiú leis na custaiméirí uile a dhéanann teagmháil linn i ndáil le fiosruithe, le hiarrataí faisnéise nó le réimsí ábhair imní.
- Cruthú leanúnach sineirgí leis an réimse leathan páirtithe leasmhara atá rannpháirteach sa chóras pleanála trí fhóraithe idirchaidrimh agus mheithle éagsúla.
- Leanúint d'fhaisnéis maidir leis an gcóras pleanála agus lena phróisis a dhéanamh inrochtana do na saoránaigh. Aistreoimid faisnéis reachtúil chasta agus eolas pleanála fianaisebhunaithe i dtreoir shoiléir agus chomhsheasmhach do chleachtóirí agus do pháirtithe leasmhara. Bainfimid an méid sin amach agus úsáid á baint as faisnéis, sonraí, cás staidéir agus uirlisí léirshamhlaithe iontaofa.
- Tacú le hionchuimsiú digiteach trí shuíomh gréasáin nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun eispéireas úsáideoirí feabhsaithe a sholáthar le hardáin shlána agus inrochtana atá dírithe ar an bpobal agus ar ghnólachtaí agus le huirlisí feasachta poiblí, oiliúna agus oideachais dinimiciúla.

Éifeachtacht a Thomhas

Mar chuid dár Ráiteas Straitéise, féachfaimid le seirbhís ardchaighdeán, éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an gcóras pleanála agus lena fheabhsú.

Déanfaimid tomhas leanúnach ar ár rath maidir lenár spriocanna straitéiseacha a sholáthar trí na príomh mhéadrachtaí seo a leanas:

- Comhaontú Seachadta Feidhmíochta bliantúil a fhorbairt i dteannta an Chomhaontaithe Formhaoirseachta ilbhliantúil lenár máthair roinn
- Tuarascálacha Gníomhaíochta Ráithiúla a fhorbairt agus a fhoilsiú
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla a sholáthar agus a fhoilsiú lena soláthraítear mionsonraithe ar ár bhfeidhmíocht
- Na spriocanna laistigh den Ráiteas Straitéise seo a aistriú ina bpleananna gnó mionsonraithe bliantúla le príomhspriocanna soláthartha, cúraimí agus amlíne ar fud réimsí gnó sonracha, ar a ndéanfar athbhreithniú le haghaidh dul chun cinn ar bhonn rialta
- Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar cheanglais rialachais agus chomhlíonta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016
- Tuairisciú mar is gá don Oireachtas agus don Aire
- Iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha rialta a dhéanamh chun dearbhú a sholáthar i dtaobh stóinseacht ár gcóras rialaithe inmheánaigh
- Plé go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara trí phlé agus comhar oscailte trínár réimsí gnó uile

Acmhainní agus Príomhspleáchais

Agus aitheantas á thabhairt do shainordú reachtúil leathnaithe OPR agus fáilte á cur roimhe de bhun an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024, beidh sé ríthábhachtach go gcuirfear na hacmhainní cuí ar fáil don eagraíocht chun a feidhmeanna a chomhlíonadh ar an gcaighdeán a éilítear. Cinnteoidimid go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as acmhainní chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach le linn a bheith ag plé go leanúnach lenár máthair roinn chun na hacmhainní breise is gá a dhaingniú lenár sainordú reachtúil leathnaithe a chomhlíonadh.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne, agus iad sin dá soláthraíonn siad seirbhísí, a chosaint. Leagtar amach an dualgas in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus cuirtear an comhionannas agus cearta an duine i gcroílár na dóighe a gcuireann comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna i gcrích. Aithníonn OPR an dualgas sin, agus tá na prionsabail sin leabaithe sa dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus léirítear iad inár gcuid luachanna, beartas agus nósanna imeachta.

Cinntoidh OPR go leanfar d'oiliúint atá ábhartha maidir lenár n oibleagáidí a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí, lena n áirítear oiliúint thiomnaithe maidir le cearta an duine agus feasacht mhíchumais, a áireamh inár straitéis daoine, inár gclár folláine agus inár bplean foghlama agus forbartha. Cuirfimid chun cinn ár bPas do Fhreastal Réasúnta agus tacóimid le fostaithe faoi mhíchumas a bhfuil coigeartuithe nó socruithe ionaid oibre uathu.

Cothóimid timpeallacht oibre shlán lena gcuirtear chun cinn comhionannas, atá measúil agus ionchuimsitheach agus lena gcuirtear chun cinn beartais ionchuimsitheachta amhail Dínit san Ionad Oibre, Meanapás san Ionad Oibre, an Ceart le Dícheangal agus Obair Chumaisc. Tacóimid lenár ngrúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) chun EDI a chur chun cinn agus a fheabhsú inár n ionad oibre.

Coinneoidh OPR fócas ar na saoránaigh i ngach a ndéanaimid. Táimid tiomanta do leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach agus nuálaíocht agus dá chinntiú go mbeidh ár suíomh gréasáin inrochtana don lucht féachana is leithne is féidir, gan beann ar theicneolaíocht ná cumas.



**Oifig an
Rialaitheora Pleanála**
Office of the
Planning Regulator

Oifig an Rialaitheora Pleanála

Teach na Páirce,
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7,
D07 EWV4

www.opr.ie | info@opr.ie | 01 854 6700